2026/786

31.3.2026

RIALACHÁN (AE) 2026/786 ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Márta 2026

lena leasaítear Rialachán (AE) 2026/249 lena socraítear le haghaidh 2026, 2027 agus 2028 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2026/249 ón gComhairle ([1]), socraítear le haghaidh 2026, 2027 agus 2028 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad. Ba cheart na deiseanna iascaireachta sin, lena n-áirítear bearta áirithe atá nasctha go feidhmiúil leo, a leasú chun foilsiú na comhairle eolaíche a chur san áireamh, chomh maith le torthaí na gcomhairliúchán le tríú tíortha agus torthaí chruinnithe de chuid eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna).

(2) In 2025, chuaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i mbun comhairliúcháin dhéthaobhacha maidir le líon mór gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) a shocrú le haghaidh 2026, lena n-áirítear bearta áirithe atá nasctha go feidhmiúil leis na TACanna sin, le haghaidh na stoc a liostaítear in Iarscríbhinn 35 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ([2]) ('an Comhaontú Trádála agus Comhair'). Rinneadh na comhairliúcháin sin de bhun Airteagal 498(2), (4) agus (6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair. Rinneadh toradh na gcomhairliúchán sin a dhoiciméadú sa taifead i scríbhinn a shínigh na Cinn Toscaireachta an 10 Nollaig 2025. Mar a taifeadadh sa taifead i scríbhinn sin, chomhaontaigh na Cinn Toscaireachta a mholadh dá n-údaráis féin gur cheart feidhm a bheith ag na bearta feabhais le haghaidh trosc (*Gadus morhua*), cadóg (*Melanogrammus aeglefinus*) agus faoitíní (*Merlangius merlangus*) sa Mhuir Cheilteach agus i Muir Éireann agus le haghaidh sól (*Solea solea*) agus leathóg (*Pleuronectes platessa*) i Muir nIocht, i bprionsabal, tráth nach déanaí ná an 1 Meitheamh 2026, san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe araon chun cothrom iomaíochta a áirithiú toisc go mbainistítear na stoic sin go comhpháirteach. Tá tús chur i bhfeidhm na mbeart feabhais sin le bheith faoi réir fógra a bheith tugtha ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe faoi chur i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha féin, ar nósanna imeachta iad a bhfuil gá leo chun na bearta feabhais sin a ghlacadh. Chuir an Ríocht Aontaithe in iúl do sheirbhísí an Choimisiúin go measann sí go dtabharfar chun críche a nósanna imeachta inmheánacha maidir leis na bearta feabhais a comhaontaíodh le haghaidh trosc agus faoitíní i Muir Éireann agus le haghaidh sól agus leathóg i Muir nIocht a ionchorprú i ndlí na Ríochta Aontaithe faoin 1 Meán Fómhair 2026. Chun cothrom iomaíochta a áirithiú d'oibreoirí an Aontais *vis-à-vis* oibreoirí na Ríochta Aontaithe, ba cheart cur i bhfeidhm na mbeart sin a chur siar go dtí an 1 Meán Fómhair 2026, go dtí go gcuirfidh an Ríocht Aontaithe na nósanna imeachta inmheánacha ábhartha i gcrích.

(3) Idir an 6 agus 11 Márta 2026, chuaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i mbun comhairliúcháin dhéthaobhacha maidir le leibhéal an TAC le haghaidh corra gainimh (*Ammodytes spp.*) agus foghabhálacha gaolmhara in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 den Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES), in uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a ICES, agus in uiscí an Aontais i roinn 3a ICES. Ghlac an tAontas páirt sna comhairliúcháin sin ar bhonn sheasamh an Aontais a d'fhormhuinigh an Chomhairle an 3 Márta 2026. Rinneadh toradh na gcomhairliúchán sin a dhoiciméadú sa taifead i scríbhinn sin arna shíniú an 13 Márta 2026. Ba cheart, dá bhrí sin, an TAC sin a shocrú ar an leibhéal a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe.

([1]) Rialachán (AE) 2026/249 ón gComhairle an 26 Eanáir 2026 lena socraítear le haghaidh 2026, 2027 agus 2028 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2025/202, (IO L, 2026/249, 30.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/249/oj).

([2]) Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (IO L 149, 30.4.2021, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/oj).

(4) Le Rialachán (AE) 2026/249, socraíodh cuótaí sealadacha de chuid an Aontais le haghaidh ronnach (*Scomber scombrus*) san Atlantach Thoir Thuaidh don chéad leath de 2026 in éagmais cinneadh maidir leis an TAC le haghaidh an stoic sin sna comhairliúcháin le Stáit chósta agus ag an gCoimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC). Tháinig an Ríocht Aontaithe, an Iorua, an Íoslainn agus Oileáin Fharó ar chomhaontú maidir le TAC le haghaidh ronnach le haghaidh 2026 ar leibhéal atá éagsúil leis an leibhéal a mhol ICES. Níor thángthas ar aon chomhaontú go fóill idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, an Iorua, an Íoslainn agus Oileáin Fharó maidir le TAC le haghaidh ronnach le haghaidh 2026. I bhfianaise shéasúracht an iascaigh sin, agus an ghá atá le cothrom iomaíochta a chur chun cinn d'oibreoirí an Aontais *vis-à-vis* oibreoirí tríú tír, ba cheart cuótaí an Aontais le haghaidh an stoic sin a shocrú le haghaidh 2026 ina iomláine, agus i gcomhréir leis an gcur chuige atá i bhfeidhm ó bhí 2021 ann a mhéid a bhaineann le sciar comhpháirteach an Aontais agus na Ríochta Aontaithe sa TAC sin. Tá an cur chuige sin bunaithe ar sciar comhpháirteach de chuid an Aontais agus na Ríochta Aontaithe de 49,29 % den TAC le haghaidh ronnach, tar éis na haistrithe cuótaí a eascraíonn as cur chun feidhme thábla B d'Iarscríbhinn 36 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair a chur i bhfeidhm.

(5) Idir mí na Samhna 2025 agus mí Feabhra 2026, bhí comhairliúcháin ar siúl idir an tAontas agus an Iorua a mhéid a bhaineann le rochtain ar a n-uiscí faoi seach le haghaidh iascaireacht ar an scadán (*Clupea harengus*) agus ar an bhfaoitín gorm (*Micromesistius poutassou*) san Atlantach Thoir Thuaidh. Ghlac an tAontas páirt sna comhairliúcháin sin ar bhonn sheasamh an Aontais a d'fhormhuinigh an Chomhairle an 17 Deireadh Fómhair 2025. Rinneadh toradh na gcomhairliúchán sin a dhoiciméadú i dtaifead comhaontaithe arna shíniú an 27 Feabhra 2026. Ba cheart, dá bhrí sin, na leibhéil rochtana sin a shocrú ar na leibhéil a comhaontaíodh leis an Iorua.

(6) Tar éis TAC tagartha a shocrú le haghaidh trosc san Artach Thoir Thuaidh le haghaidh 2026, ba cheart cuóta cinntitheach an Aontais le haghaidh trosc in uiscí Svalbard agus in uiscí idirnáisiúnta fholimistéar 1 agus roinn 2b ICES le haghaidh 2026 a shocrú bunaithe ar an TAC tagartha sin le haghaidh 2026 agus ar sciar stairiúil an Aontais le haghaidh trosc san Artach Thoir Thuaidh. Ba cheart cuóta sin an Aontais a chionroinnt ar na Ballstáit i gcomhréir le Cinneadh 87/277/CEE ón gComhairle ([3]), faoi réir na n-oiriúnuithe is gá de bharr tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas a bheith déanta mar a leagtar amach i dtábla E d'Iarscríbhinn 36 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair.

(7) Maidir le teorainneacha iarrachta iascaireachta le haghaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht ar thuinníní gorma (*Thunnus thynnus*) i limistéar Choinbhinsiún an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (CICTA), lastoir de 45°I, agus maidir leis an uas-ionchur agus uas-acmhainneacht le haghaidh fheirmeacha tuinníní gorma an Aontais sa limistéar sin, tá siad bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraítear sna pleananna bliantúla dá dtagraítear in Airteagail 11, 13 agus 15 de Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Tá na Ballstáit leis na pleananna sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Eanáir gach bliain, de bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2023/2053. Tá an Coimisiún leis na pleananna sin a thiomsú ansin agus tá siad le bheith ina mbonn le plean bliantúil de chuid an Aontais a bhunú, ar plean é atá le cur ar aghaidh chuig Rúnaíocht CICTA chun go ndéanfaidh CICTA é a phlé agus a fhormheas, mar a leagtar amach in Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2023/2053. An 5 Márta 2026, d'fhormheas CICTA plean bliantúil an Aontais le haghaidh 2026. Ba cheart, dá bhrí sin, teorainneacha iarrachta iascaireachta an Aontais agus uas-ionchur agus uas-acmhainneacht feirmeoireachta an Aontais le haghaidh 2026 a leasú i gcomhréir leis an bplean bliantúil sin.

(8) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2023/2053, féadfaidh na Ballstáit a iarraidh go n-aistreofar 5 % ar a mhéad dá gcuóta bliantúil le haghaidh tuinníní gorma i limistéar Choinbhinsiún CICTA, lastoir de 45°I, ón mbliain roimhe sin go bliain ar leith. Chuimsigh Ballstáit áirithe sna pleananna bliantúla iascaireachta a chuir siad faoi bhráid an Choimisiúin iarrataí chun a gcuóta bliantúil tuinníní gorma i limistéar Choinbhinsiún CICTA, lastoir de 45°I, a thabhairt anonn ó 2025 go 2026. Ar bhonn na n-iarrataí sin, chuir an Coimisiún iarraidh ar chuóta an Aontais le haghaidh an stoic sin a thabhairt anonn ó 2025 go 2026 san áireamh i bplean bliantúil an Aontais le haghaidh 2026. Tar éis plean bliantúil an Aontais a fhormheas, ba cheart, dá bhrí sin, cuótaí na mBallstát sin le haghaidh tuinníní gorma i limistéar Choinbhinsiún CICTA, lastoir de 45°I le haghaidh 2026, a leasú dá réir sin.

([3]) Cinneadh 87/277/CEE ón gComhairle an 18 Bealtaine 1987 maidir le féidearthachtaí gabhála trosc i réigiún Spitsbergen agus Oileán na mBéar a chionroinnt agus i Roinn 3M mar a shainítear i gCoinbhinsiún NAFO (IO L 135, 23.5.1987, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1987/277/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107 agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627 (IO L 238, 27.9.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2053/oj).

(9) I gcomhréir le hAirteagail 8a, 17b agus 18b de Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), maidir le cuótaí bliantúla Ballstát áirithe le haghaidh tuinníní mhórshúileacha (*Thunnus obesus*) i limistéar Choinbhinsiún CICTA, tuinníní colgacha (*Thunnus alalunga*) i limistéar Choinbhinsiún CICTA, lastuaidh de 5°T agus laisteas de 5°T araon, agus le haghaidh colgáin (*Xiphias gladius*) i limistéar Choinbhinsiún CICTA, lastuaidh de 5°T agus laisteas de 5°T araon, aistríodh iad ó 2024 go 2026 i gcomhréir le moltaí ábhartha CICTA. Ba cheart, dá bhrí sin, cuótaí na mBallstát sin le haghaidh na stoc sin le haghaidh 2026 a leasú dá réir sin.

(10) Ag an 14ú cruinniú bliantúil a bhí ag an Eagraíocht Réigiúnach um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO) in 2026, ghlac sí teorainneacha gabhála le haghaidh an bholmáin (*Trachurus murphyi*) agus choinnigh sí ar bun iascaigh thaiscéalaíocha le haghaidh an déadéisc (*Dissostichus* spp.). Ina theannta sin, rinne SPRFMO bearta atá nasctha go feidhmiúil maidir le hiascaigh thaiscéalaíocha déadéisc a choinneáil ar bun. Ba cheart, dá bhrí sin, na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(11) Go dtí go bhfaighfear toradh an 10ú seisiún de Choimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh (NPFC), ba cheart na deiseanna iascaireachta le haghaidh an ronnaigh sheapánaigh (*Scomber japonicus*) i limistéar Choinbhinsiún NPFC le haghaidh na tréimhse ón 1 Meitheamh 2026 go dtí an 31 Bealtaine 2027 a mharcáil 'le bunú', chun go bhféadfar tús a chur leis an iascach ar ronnaigh sheapánacha ón 1 Meitheamh 2026, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar eisíodh údarú iascaireachta chucu i gcomhréir le hAirteagail 20, 21 agus 22 de Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]).

(12) An dá ghrúpa tréimhsí coiscthe le haghaidh soithí iascaireachta peas-saighne de chuid an Aontais i limistéar Choinbhinsiún an Choimisiúin Idir-Mheiriceánaigh um Thuinníní Teochreasacha (IATTC) arna bhunú le Rialachán (AE) 2026/249, ar lena linn a thoirmisctear ar na soithí sin iascaireacht a dhéanamh ar thuinníní buí (*Thunnus albacares*), tuinníní mórshúileacha nó tuinníní aigéanacha (*Katsuwonus pelamis*), ba cheart iad a leasú i gcomhréir le bearta arna nglacadh ag IATTC. Ba cheart an chéad ghrúpa tréimhsí coiscthe a leasú chun go mbeidh feidhm acu ar fud limistéar Choinbhinsiún IATTC ina iomláine agus ba cheart go leanfadh an dara grúpa tréimhsí coiscthe d'fheidhm a bheith acu i limistéar sonrach agus sa limistéar sin amháin. Ina theannta sin, na síntí ar thréimhsí coiscthe le haghaidh shoithí iascaireachta peas-saighne an Aontais, bunaithe ar a ngabhálacha tuinníní mórshúileacha i limistéar Choinbhinsiún IATTC le linn na bliana roimhe sin, níor cheart feidhm a bheith acu ach amháin maidir leis an gcéad ghrúpa tréimhsí coiscthe agus, dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith acu a thuilleadh maidir leis an dara grúpa tréimhsí coiscthe.

(13) An 20 Eanáir 2021, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2021/56 ([7]) lena gcuirtear chun feidhme i ndlí an Aontais bearta bainistithe, caomhnaithe agus rialaithe áirithe is infheidhme i limistéar Choinbhinsiún IATTC. Le hAirteagal 8 den Rialachán sin, bunaítear bearta maidir le siorcanna bána aigéanacha (*Carcharhinus longimanus*). Tá forluí idir Airteagal 40 de Rialachán (AE) 2026/249 agus Rialachán (AE) 2021/56 maidir leis an ábhar sin agus forchuirtear leis ceanglais ar tugadh aghaidh orthu cheana faoi dhlí an Aontais. Is iomchuí, dá bhrí sin, Airteagal 40 de Rialachán (AE) 2026/249 a scriosadh.

(14) Le Rialachán (AE) 2026/249 socraíodh TAC le haghaidh sól i ranna 8c, 8d agus 8e ICES, i bhfolimistéir 9 agus 10 ICES, agus in uiscí an Aontais den Choiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir (CECAF) 34.1.1 le haghaidh 2026 agus 2027. De réir ICES, is ann do thrí phríomhspeiceas sól a ghabhtar sa limistéar sin: an sól coiteann (*Solea solea*), an sól Seineagálach (*Solea senegalensis*) agus an sól gainimh (*Pegusa lascaris*). Is é '*Solea* spp.' an t-ainm eolaíoch dá dtagraítear sa TAC agus ní chumhdaíonn sé sin an sól gainimh. Mar sin féin, measadh roimhe seo gur leis an ngéineas *Solea* a bhain an sól gainimh. Chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar, ba cheart '*Solea* spp. agus *Pegusa lascaris*' a chur in ionad an ainm eolaíoch dá dtagraítear sa TAC chun an sól gainimh a chumhdach freisin.

(15) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2026/249 a leasú dá réir sin.

([5]) Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin de chuid an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (CICTA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001, Rialachán (CE) Uimh. 1984/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2107/oj).

([6]) Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2403/oj).

([7]) Rialachán (AE) 2021/56 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Eanáir 2021 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme maidir le Limistéar an Choinbhinsiúin Idir-Mheiriceánaigh um Thuinníní Teochreasacha agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 24, 26.1.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/56/oj).

(16) Chun na tréimhsí tuairiscithe le haghaidh na TACanna arna leasú leis an Rialachán seo a choinneáil ar bun, agus toisc go bhfuil feidhm ag na TACanna sin ón 1 Eanáir 2026, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag na TACanna leasaithe ón dáta sin. Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ná do phrionsabal an ionchais dhlisteanaigh toisc go gcoinnítear na TACanna lena mbaineann ar bun nó go dtagann méadú orthu.

(17) I bhfianaise na práinne a bhaineann le briseadh i ngníomhaíochtaí iascaireachta a sheachaint, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán (AE) 2026/249

Leasaítear Rialachán (AE) 2026/249 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11(3):

‘3. Is iad an Spáinn agus an Fhrainc (BSS/8AB) a thuairisceoidh gabhálacha in iascaigh thráchtála faoi na deiseanna iascaireachta dá dtagraítear i mír 1.’.

(2) Leasaítear Airteagal 37 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) ó 00:00 uair an chloig an 6 Lúnasa 2026 go dtí 24:00 uair an chloig an 8 Deireadh Fómhair 2026 nó ó 00:00 uair an chloig an 9 Samhain 2026 go dtí 24:00 uair an chloig an 11 Eanáir 2027 i limistéar Choinbhinsiún IATTC; agus’;

(b) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

‘6. Cuirfear síneadh leis na tréimhsí coiscthe dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), le haghaidh soithí iascaireachta peas-saighne de chuid an Aontais, ar bhonn a ngabhálacha tuinníní mórshúileacha i limistéar Choinbhinsiún IATTC le linn na bliana roimhe sin, mar a leanas:’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. Beidh feidhm ag na síntí ar na tréimhsí coiscthe dá dtagraítear i mír 6 mar a leanas:

(a) i gcás na tréimhse coiscthe dar tús 00:00 uair an chloig an 6 Lúnasa 2026, cuirtear isteach na laethanta breise roimh thús na tréimhse coiscthe sin; agus

(b) i gcás na tréimhse coiscthe dar tús 00:00 uair an chloig an 9 Samhain 2026, cuirtear isteach na laethanta breise tar éis dheireadh na tréimhse coiscthe sin.’.

(3) Scriostar Airteagal 40.

(4) Leasaítear Airteagal 62 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) beidh feidhm ag Airteagal 19(1), (2), (4), (5) agus (6) ón 1 Meitheamh 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026;’;

(b) i mír 2, cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

‘(da) beidh feidhm ag Airteagal 19(3) ón 1 Meán Fómhair 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026;

(db) beidh feidhm ag Airteagal 20 ón 1 Meán Fómhair 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026;’;

(c) i mír 2, scriostar pointe (k); agus

(d) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'3. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, leanfaidh Airteagail 9 go 14, 16 go 23, 29, 41, 47, 49, 51, 52 agus 59 d'fheidhm a bheith acu ón lá tar éis na ndátaí deiridh cur i bhfeidhm a leagtar amach sa mhír sin go dtí teacht i bhfeidhm an Rialacháin lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2027. Ní bheidh feidhm ag an mír seo i gcás ina dtiocfaidh deireadh le cur i bhfeidhm na bhforálacha dá dtagraítear i mír 2 mar thoradh ar thús chur i bhfeidhm na ngníomhartha dlí dá dtagraítear inti.'.

(5) Leasaítear Codanna A agus B d'Iarscríbhinn IA, agus Iarscríbhinní IB, ID, IH, IM agus VI i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Márta 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. PANAYIOTOU

IARSCRÍBHINN

Leasuithe ar Iarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (AE) 2026/249

(1) Leasaítear Iarscríbhinn IA mar a leanas:

(a) i gCuid A, cuirtear an tábla seo a leanas in ionad Thábla 23:

'Tábla 23

Speiceas:	An sól *Solea spp.* agus *Pegusa lascaris*	Limistéar:	8c, 8d, 8e, 9 agus 10; uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 (SOO/8CDE34)
Bliain	**2026 agus 2027 araon**		
An Spáinn	185	TAC réamhchúraim	
An Phortaingéil	307		
An tAontas	492 (1)		
TAC	492 (1)		

(1) Laistigh de theorainneacha na gcuótaí seo, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí seo a leanas sól coiteann (*Solea solea*) a ghabháil (SOL/8CDE34): 190'

(b) i gCuid B, cuirtear an tábla seo a leanas in ionad Thábla 1:

'Tábla 1

Speiceas:	An chorr ghainimh agus foghabhálacha gaolmhara *Ammodytes spp.*	Limistéar:	Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; Uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a; uiscí an Aontais in 3a SAN/2A3A4. (1)
An Danmhairg	93 759 (1) (2)	TAC Anailíseach	
An Ghearmáin	143 (1) (2)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96, mura sonraítear a mhalairt i bhfonóta 3.	
An tSualainn	3 443 (1) (2)		
An tAontas	97 345 (1) (2)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96, mura sonraítear a mhalairt i bhfonóta 3.	
An Ríocht Aontaithe	3 218		
TAC	100 563		

(1) Déanfar gabhálacha sna limistéir bhainistíochta éagsúla le haghaidh corra gainimh a leagtar amach thíos a thuairisciú ar leithligh.

Speiceas:	An chorr ghainimh agus foghabhálacha gaolmhara *Ammodytes spp.*	Limistéar:	Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; Uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a; uiscí an Aontais in 3a SAN/2A3A4. ([1])

([2]) Féadfaidh foghabhálacha faoitíní (OT1/*2A3A4X) a bheith i suas le 2 % den chuóta. Fo-ghabhálacha faoitíní arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun na forála seo agus foghabhálacha speiceas arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun Airteagal 15(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní sháróidh siad, i dteannta a chéile, 9 % den chuóta.

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí sin, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a ghabháil sna limistéir bainistíochta seo a leanas le haghaidh corr ghainimh, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III:
Limistéar: Uiscí an Aontais ina bhfuil limistéir bainistithe corr gainimh

	1r	2r	3r	4	5r	6	7r
	(SAN/234_1R) ([3])	(SAN/234_2R) ([3])	(SAN/234_3R)	(SAN/234_4)	(SAN/234_5R)	(SAN/234_6) ([3])	(SAN/234_7R)
An Danmhairg	88 993	4 662	0	0	0	104	0
An Ghearmáin	136	7	0	0	0	0	0
An tSualainn	3 268	171	0	0	0	4	0
An tAontas	92 397	4 840	0	0	0	108	0
An Ríocht Aontaithe	3 054	160	0	0	0	4	0
Iomlán	95 451	5 000	0	0	0	112	0

([3]) Beidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96’

(c) i gCuid B, cuirtear na táblaí seo a leanas faoi seach in ionad Tháblaí 10 agus 11:

‘Tábla 10

Speiceas:	An scadán ([1]) *Clupea harengus*		Limistéar:	3a (HER/03A.)
An Danmhairg	7 344	([1]) ([2]) ([3])	TAC Anailíseach	
An Ghearmáin	117	([1]) ([2]) ([3])		
An tSualainn	7 682	([1]) ([2]) ([3])		
An tAontas	15 143	([1]) ([2]) ([3])		
An Iorua	Ní bhaineann le hábhar			
TAC	328 566			

([1]) Gabhálacha scadán a ghabhtar in iascaigh a úsáideann líonta ina bhfuil mogallmhéid cothrom le 32 mm nó níos mó ná sin.
([2]) Ní fhéadfar ach na méideanna seo a leanas amháin de na stoic scadán HER/03A. (HER/*03A.) agus HER/03A-BC (HER/*03A-BC) a iascach in 3a:

An Danmhairg	554
An Ghearmáin	8
An tSualainn	407
An tAontas	969

([3]) Coinníoll speisialta: féadfar suas le 50 % den mhéid sin a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe in 4 (HER/*4-UK), agus féadfar suas le 50 % a iascach in uiscí an Aontais in 4b (HER/*4B-EU).

Tábla 11

Speiceas:	An scadán ([1])	Limistéar:	Uiscí an Aontais, uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí na hIorua i limistéar 4 lastuaidh de 53°30′T
	Clupea harengus		(HER/4AB.)
An Danmhairg	38 730	TAC Anailíseach	
An Ghearmáin	25 421	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An Fhrainc	15 874		
An Ísiltír	37 108		
An tSualainn	2 731		
An tAontas	119 864		
An Iorua	91 013 ([2]) ([3])		
An Ríocht Aontaithe	59 156		
TAC	328 566		

([1]) Gabhálacha scadán a ghabhtar in iascaigh a úsáideann líonta ina bhfuil mogallmhéid cothrom le 32 mm nó níos mó ná sin.

([2]) Gabhálacha a ghabhfar laistigh den chuóta sin, asbhainfear iad ó sciar na hIorua den TAC. Laistigh de theorainn an chuóta seo, ní fhéadfar níos mó ná an chainníocht a leanas a ghabháil in uiscí an Aontais in 4b (HER/*04B-C):

2 700

([3]) Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha an chuóta seo, ní fhéadfar níos mó ná 250 tona a ghabháil in uiscí na hIorua agus uiscí an Aontais i limistéar 3a (HER/*03A).

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí seo, ní fhéadfar níos mó ná an chainníocht a thugtar thíos a thógáil sa limistéar seo a leanas: uiscí na hIorua laisteas de 62°T (HER/*4N-S62)

An tAontas	2 700’

(d) i gCuid B, i dTábla 40, cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs fhonóta 2:

'([2]) Coinníoll speisialta: féadfar suas le 10 % den chuóta seo a aistriú chuig Roinn 3a ICES (Skagerrak agus Kattegat).';

(e) i gCuid B, cuirtear na táblaí seo a leanas faoi seach in ionad Tháblaí 58 agus 59:

'Tábla 58

Speiceas:	An faoitín gorm		Limistéar:	Uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta i limistéir 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8a, 8b, 8d, 8e, 12 agus 14
	Micromesistius poutassou			(WHB/1X14)
An Danmhairg	38 983	([1])	TAC Anailíseach	
An Ghearmáin	15 157	([1])	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An Spáinn	33 049	([1]) ([2])		
An Fhrainc	27 129	([1])		
Éire	30 188	([1])		
An Ísiltír	47 537	([1])		
An Phortaingéil	3 070	([1]) ([2])		
An tSualainn	9 643	([1])		
An tAontas	204 756	([1]) ([3])		
An Iorua	47 905	([4]) ([5])		
Oileáin Fharó	Ní bhaineann le hábhar			
An Ríocht Aontaithe	Ní bhaineann le hábhar			
TAC	851 344			

([1]) Coinníoll speisialta: laistigh de theorainn rochtana iomlán de líon tonaí atá le bunú le haghaidh an Aontais, féadfaidh na Ballstáit suas leis an gcéatadán seo a leanas dá gcuótaí a iascach in uiscí Fharó (WHB/*05-F.): 0 %

([2]) Féadfar aistrithe an chuóta seo a dhéanamh chuig 8c, 9 agus 10 agus chuig uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1. Tabharfar fógra, áfach, don Choimisiún roimh ré faoi aistrithe dá leithéid.

([3]) Coinníoll speisialta: ó chuótaí an Aontais in uiscí na Ríochta Aontaithe, in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta i limistéir 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8a, 8b, 8d, 8e, 12 agus 14 (WHB/*NZJM1) agus i limistéir 8c, 9 agus 10 agus in uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 (WHB/*NZJM2), féadfar an chainníocht seo a leanas a iascach i Limistéar Eacnamaíoch na hIorua nó sa limistéar iascaigh timpeall Jan Mayen:

0

([4]) Féadfar é a iascach in uiscí an Aontais i limistéir 4, 6a lastuaidh de 56°30'T, i limistéir 6b agus 7 laistiar de 12°I (WHB/*46AB7-EU).

([5]) Coinníoll speisialta: ó chuóta na hIorua, féadfar an chainníocht seo a leanas a iascach in uiscí an Aontais in 4, 6a lastuaidh de 56°30'T, 6b agus 7 laistiar de 12°I:

50 000

Tábla 59

Speiceas:	An faoitín gorm *Micromesistius poutassou*	Limistéar:	8c, 9 agus 10; uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 (WHB/8C3411)
An Spáinn	26 242	TAC Anailíseach	
An Phortaingéil	6 561	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An tAontas	32 803 (1)		
TAC	851 344		

(1) Coinníoll speisialta: ó chuótaí an Aontais in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta i limistéir 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8a, 8b, 8d, 8e, 12 agus 14 (WHB/*NZJM1) agus i limistéir 8c, 9 agus 10 agus in uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 (WHB/*NZJM2), féadfar an chainníocht seo a leanas a iascach i Limistéar Eacnamaíoch na hIorua nó sa limistéar iascaigh timpeall Jan Mayen:

0’

(f) i gCuid B, i dTábla 98, cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs fhonóta 2:

‘(2) Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 5 % de a iascach in 7d (SRX/*07D.), gan dochar do na toirmisc a leagtar amach i ndlí an Aontais agus dlí na Ríochta Aontaithe le haghaidh na limistéar a shonraítear iontu. Gabhálacha roic na súl dubh (*Leucoraja naevus*) (RJN/*07D.), roc garbh (*Raja clavata*) (RJC/*07D.), roc fionn (*Raja brachyura*) (RJH/*07D.) agus roc mín (*Raja montagui*) (RJM/*07D.), déanfar iad a thuairisciú ar leithligh. Ní bheidh feidhm ag an gcoinníoll speisialta seo maidir leis an roc gainmheach (*Leucoraja circularis*), an roc glas (*Leucoraja fullonica*), an roc mionsúileach (*Raja microocellata*) ná an roc dústríoctha (*Raja undulata*).’;

(g) i gCuid B, cuirtear na tábla faoi seach seo a leanas in ionad Tháblaí 103, 104 agus 105:

‘**Tábla 103**

Speiceas:	An ronnach *Scomber scombrus*	Limistéar:	3a; Uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais i limistéir 2a, 3b, 3c; 3d agus 4; Uiscí na hIorua i limistéir 2a agus 4a (MAC/2A34-N.)
An Bheilg	218 (1) (2)	TAC Anailíseach	
An Danmhairg	11 941 (1) (2) (4)		
An Ghearmáin	227 (1) (2)		
An Fhrainc	685 (1) (2)		
An Ísiltír	690 (1) (2)		
An tSualainn	2 185 (1) (2) (3)		
An tAontas	15 946 (1) (2)		

Speiceas:	An ronnach	Limistéar:	3a; Uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais i limistéir 2a, 3b, 3c; 3d agus 4; Uiscí na hIorua i limistéir 2a agus 4a
	Scomber scombrus		(MAC/2A34-N.)

TAC 299 010

([1]) Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí seo, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a thógáil sna limistéir seo a leanas:

	3a (MAC/*03A.)	Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i limistéir 3a, 4b agus 4c (MAC/*3A4BC)	4b (MAC/*04B.)	4c (MAC/*04C.)	Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta i limistéir 2a, 5b, 6, 7, 8d, 8e, 12 agus 14 (MAC/*2AX14)
An Bheilg	0	0	0	0	131
An Danmhairg	0	4 130	0	0	7 165
An Ghearmáin	0	0	0	0	136
An Fhrainc	0	490	0	0	411
An Ísiltír	0	490	0	0	414
An tSualainn	0	0	390	10	1 311
An tAontas	0	5 110	390	10	9 568

([2]) Laistigh de theorainneacha na gcuótaí seo, agus i gcomhaontú leis an Stát cósta ábhartha, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a ghabháil freisin sa dá limistéar seo a leanas:

	Uiscí na hIorua i limistéir 2a agus 4a (MAC/*02A4AN-)	uiscí Fharó (MAC/*FRO1)
An Bheilg	Le bunú	Le bunú
An Danmhairg	Le bunú	Le bunú
An Ghearmáin	Le bunú	Le bunú
An Fhrainc	Le bunú	Le bunú
